# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

---

## GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II
**(120 marc)**

---

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN, 10.45 go dtí 12.45**

---

| ROINN I – PRÓS LITEARTHA | [30 marc] |
|---|---|

**Ceist 1**. Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
*[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

## Luath nó Mall


**1.** Bhí lá breithe ag Peadar. Bhí a chairde go léir ann. An spórt a bhí acu! An gáire a rinne siad! Bhí Peadar an-sásta. Ní raibh sé riamh chomh sásta ina shaol. "An féasta ab fhearr a bhí ag aon duine riamh," ar seisean ina intinn féin. Ansin chuaigh a chairde go léir abhaile. Bhí Peadar faoi bhrón. Bhí an teach an-chiúin. "Ní bheidh lá breithe arís agam go ceann bliana," ar seisean. "Tá sin i bhfad rófhada uainn."

**2.** An lá dár gcionn bhí sé fós faoi scamall bróin. Smaoinigh sé ar phlean. "Má shiúlaim níos tapúla, má labhraím níos tapúla, má ithim agus má ólaim níos tapúla, b'fhéidir go n-imeoidh an bhliain níos tapúla," ar seisean. D'ith sé a bhricfeasta an-tapa ar fad. D'ól sé gloine bhainne in aon slog amháin. "Tóg go bog é," arsa a Mhamaí leis. Amach leis. Shiúil sé an-tapa ar scoil. Bhí sé ann ar fiche tar éis a hocht. Ní raibh aon duine ann. Chiceáil sé carn duilleog. D'fhéach sé suas síos. Ní raibh aon duine ag teacht. Sa deireadh chuala sé carr á pháirceáil i gclós na scoile.


**An Chuil Bhealtaine**

"Dia duit ar maidin," arsa an t-ardmháistir. "Dia is Muire duit," arsa Peadar an-tapa ar fad. "Nach tú atá luath ar maidin," arsa an t-ardmháistir agus d'oscail sé doras na scoile. D'fhan Peadar lasmuigh. Chiceáil sé carn eile duilleog. Ansin bhailigh sé iad go léir arís, an-tapa ar fad, agus rinne carn díobh. "Nach mé an t-amadán," arsa Peadar. "D'ith mé, d'ól mé, shiúil mé agus labhair mé an-tapa ar fad ach tá an t-am ag imeacht mar a bhí riamh." Chaith sé an lá ar fad ag smaoineamh. "Má dhéanaim gach rud níos moille, b'fhéidir?" ar seisean.

**3.** Shiúil sé abhaile an-mhall ar fad, ar nós seilide. Bhí sé beagnach a cúig nuair a shroich sé an baile. "Bhí mé buartha fút, a Pheadair," arsa a Mhamaí leis. "Cá raibh tú?" "Níl ann ach gur shiúil mé abhaile an-mhall ar fad." "Cad atá ort, an bhfuil tú tinn?" "Níl," arsa Peadar. Thóg sé trí shoicind air an focal sin a rá. D'ith sé ceapaire cáise, an-mhall. Chogain sé agus chogain sé an ceapaire. D'ól sé cupán tae an-mhall, an-mhall go deo. Ní raibh sé ach leathólta aige nuair a d'éirigh sé fuar. "Nach mé an t-amadán," arsa Peadar leis féin. "D'ith mé, d'ól mé, shiúil mé agus labhair mé an-mhall ar fad ach tá an t-am ag imeacht mar a bhí riamh."


**An Chrónghiúis**

**4.** Tháinig Daidí abhaile. "Deir Mam liom go bhfuil rud éigin cearr leat," ar seisean. "Níl," arsa Peadar, "ach tá rud éigin cearr leis an saol." "An bhfuil anois?" arsa Daidí. "Agus cad atá cearr leis an saol?" "Tá an bhliain rófhada," arsa Peadar. "Rófhada? Níl a fhios agam faoi sin," arsa a Dhaidí leis. "Tá," arsa Peadar.

**5.** Thóg Daidí leabhar anuas ón tseilf. Leabhar dúlra. "An bhfeiceann tú an crann sin?" "Feicim," arsa Peadar. "Míle bliain d'aois atá sé. Fásann sé in California. Sin í an chrónghiúis," arsa Daidí. "Míle bliain?" arsa Peadar agus bhí iontas air. D'oscail a Dhaidí leathanach eile. "Agus an bhfeiceann tú an chuil sin?" ar seisean. "Feicim," arsa Peadar. "Sin í an chuil Bhealtaine," arsa a Dhaidí. "Ní mhaireann sé ach aon lá amháin." "Aon lá amháin???" arsa Peadar. "Sin an méid," arsa a Dhaidí.

**6.** "Cé acu ab fhearr leat," arsa Peadar tar éis tamaill, "a bheith i do chuil Bhealtaine nó i do chrónghiúis?" "B'fhearr liom a bheith i mo dhuine," arsa a Dhaidí. "Ach dá mbeadh rogha agat," arsa Peadar. "Ach níl …," arsa a Dhaidí. "Níl rogha agam ná agatsa. Bí buíoch as gach lá atá agat. Ná bí buartha faoin lá inné ná faoin lá amárach. Agus ná bac an bhliain seo chugainn. … Tiocfaidh an bhliain seo chugainn, luath nó mall!" Gháir siad beirt.

(Sliocht athchóirithe as an ngearrscéal ***Ceol na Gealaí*** le **Gabriel Rosenstock**)

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** In **Alt 1** deirtear go raibh Peadar 'faoi bhrón'. Cén fáth? (Is leor **dhá phointe** eolais.)

**(ii)** Luaigh **dhá chúis** a raibh máthair Pheadair buartha faoi.

**(iii)** Breac síos **dhá phointe** eolais faoin gceacht a mhúin an t-athair don mhac.

### B ( Léirthuiscint Ghinearálta )

**(i)** Luaigh **dhá thréith** a bhaineann le Peadar mar dhuine, dar leat. I gcás **ceann amháin** den dá thréith sin tabhair píosa eolais as an téacs a léiríonn an tréith sin.

**(ii)** Déan comparáid idir an t-athair agus an mháthair mar a léirítear sa scéal iad.

**(iii)** Ar thaitin an scéal leat? Is leor **dhá chúis** a lua i do fhreagra.

---

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

### A

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1** thuas.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin ábhair.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

### B

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na hábhair* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an t-ábhar* sin i gceist ann.

<u>Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir</u>.

(a) An Teaghlach (b) An Scoil (c) Bia (d) Spórt (e) An Bás (f) An Greann

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

---

## ROINN II – FILÍOCHT [30 marc]

**Ceist 1**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh**.**
[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

**Tram 15**

Ar airigh tú riamh
bam, bam,
ceol an traim:
bam, bam;
ar thram a cúig déag
thuas ar barr
ag dul caol díreach
suas Bóthar Ráth Gearr,
ar luas tintrí
bam, bam;
sa bhliain 1933
bam, bam;
Sliabh Chualann romhat
ag ceann an bhóthair
gan díon ar an tram
bam, bam;
gan ann ach cúpla neomat;
tú féin is Maryanne
ar bharr an traim
ó Stáisiún na nGardaí go Bóthar Ardpháirce;
splanc den tsíoraíocht,
cuimhne i dtaisce,
is ar phingin an duine
bhí sé saor in aisce!

(le **S.E. Ó Cearbhaill**)

**Gluais:**
**(L.21)** splanc den tsíoraíocht: sonas gan stad
**(L.22)** i dtaisce: curtha i leataobh

**Turas**

Ar an mbealach
go Nua-Eabhrac
bhí a croí ina béal
le sceon;
thuas san aer
os cionn an Atlantaigh
bhuail racht sceimhle í,
an bhean bhocht
a bhí ina suí
taobh liom;

buama i ngach mála, dar léi,
gaireas pléasctha i ngach dorn,
fuadaitheoir ag an mbarr
sceimhlitheoir ag an mbun.

Fad an turais
d'éist mé léi
'gus nochtaigh sí dom
a saol is a rúin,
gur scaoil sí osna faoisimh aisti
nuair a bhuail rothaí an eitleáin
an talamh buan.

(le **Róise Ní Ghráda**)

**Gluais:**
**(L.4)** sceon: scanradh
**(L.7)** sceimhle: eagla
**(L.7)** racht: babhta
**(L.12)** gaireas: gléas, fearas

## Ceisteanna (iad ar cómharc)

### A ( Buntuiscint )

**(i)** Cén 'racht sceimhle' a bhuail an bhean sa dán *Turas*? (Is leor **dhá phointe** eolais a lua.)

**(ii)** Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 21-24** den dán *Tram 15*, dar leat.
(Is leor **dhá phointe** eolais a lua.)

**(iii)** Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 15-21** den dán *Turas*, dar leat.

### B ( Léirthuiscint )

**(i)** Cad é an mothúchán is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán *Tram 15*? Conas a chuireann an file an mothúchán sin os ár gcomhair?

**(ii)** Déan cur síos gairid ar **chosúlacht amháin** agus ar **dhifríocht amháin** atá idir an dá dhán.

**(iii)** I gcás dáin **amháin** den dá dhán thuas, tabhair cuntas gairid ar an tábhacht a bhaineann le fuaim na bhfocal ann. (Is leor **dhá phointe** eolais a lua.)

**Ceist 2**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

## A

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá i do rogha **ceann amháin** den dá dhán i g**Ceist 1** thuas.

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin ábhair sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin ábhar úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin ábhar céanna sa dán atá ainmnithe agat.

## B

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na hábhair* seo thíos i gceist ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Spórt (b) An Grá (c) An Teaghlach (d) An Dúlra (e) Ainmhí (f) Dia

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file *an t-ábhar* sin os ár gcomhair.

## ROINN III – LÉAMHTHUISCINT (GIOTAÍ GEARRA) [30 marc]

Freagair do rogha **trí cinn** de **A, B, C, D** anseo. **(Is leor freagraí gairide i ngach cás.)**
*[I gcás* ***A, B*** *agus* ***C*** *bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*

### A (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas (as **Breacadh**) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Gwyneth Paltrow

Is breá le Gwyneth Paltrow poiblíocht. Nuair a rugadh iníon di in 2004 thug sí Apple mar ainm uirthi agus ní nach ionadh bhí an scéal ar fud na meán cumarsáide. Bhí Gwyneth breá sásta léi féin.

Ní rófhada ina dhiaidh sin go raibh sí i mbéal an phobail arís. An teach a bhí aici i Nua-Eabhrac, bhí sé le díol. Ach éist leis seo mar chleas poiblíochta! Ní raibh cead ag aon duine an teach a fheiceáil go dtí gur shínigh sé/sí conradh. Ansin ní raibh cead ag aon duine labhairt leis na meáin chumarsáide faoin teach ná pictiúir a thógáil de.

Tá an teach suite in Greenwich Village in Manhattan. Tá ceithre urlár ann, ceithre sheomra, cistin agus dhá ghairdín. Bhí $7.85 milliún á lorg aici ar an teach agus deirtear go bhfuair sí an méid sin air, agus cúpla dollar sa bhreis. Dhíol Paltrow an teach in Greenwich Village toisc go gcaitheann sí formhór a cuid ama i Londain na laethanta seo.



**(i)** Luaigh **dhá** chúis a raibh Gwyneth breá sásta léi féin. (**Alt 1**)

**(ii)** Breac síos **dhá** phointe eolais i dtaobh leagan amach an tí?

### B (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas (as bróisiúr) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Cruinniú na nÓg

Eagraítear **Cruinniú na nÓg** i mí na Samhna, de ghnáth. I rith an deireadh seachtaine bíonn deis ag baill *Feachtas* bualadh le baill as scoileanna agus as gasraí eile. Cuirtear traenáil chinnireachta ar fáil mar aon le himeachtaí sóisialta agus eachtraíochta le linn an deireadh seachtaine seo.

Chomh maith leis sin pléitear clár agus aidhmeanna *Feachtas* i bhfóraim oscailte. Cuirtear fáilte roimh thuairimí agus mholtaí nua a chabhraíonn le forbairt an óg-eagrais agus a choinníonn i dtiúin le meon an aosa óig é.

Más maith leat freastal ar **'Cruinniú na nÓg'**, is féidir foirmeacha iarratais a lorg ó oifigí *Feachtas* nó ón suíomh gréasáin ag www.feachtas.ie. Bíonn éileamh mór ar na ticéid. Dá bhrí sin tugtar tús áite do bhaill de ghasraí *Feachtas* nó d'aon dalta a fhreastalaíonn ar aon cheann de na himeachtaí a eagraíonn *Feachtas* i rith na bliana.



**Cruinniú na nÓg – Fóram Oscailte**

**(i)** Luaigh **dhá** shaghas imeachta a bhíonn ar siúl ag **Cruinniú na nÓg**.

**(ii)** Cathain a eagraítear **Cruinniú na nÓg** agus conas is féidir ticéid a fháil?

## C

**(10 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

### Orpheus na nDéise



*Súil Eile* an mana atá ag TG4. Is feiliúnach an mana é don saghas clár a bhíonn le feiceáil ar an stáisiún sin go minic. Is iomaí seoid atá feicthe againn ar TG4 le blianta beaga anuas. Is cláir iad seo a mhairfidh sna cartlanna nuair a bheidh dearmad déanta ar na sobalchláir agus ar an 'teilifís réalaíoch'.

Clár den ardchaighdeán seo ba ea **Orpheus na nDéise**. Rinneadh cur síos sa chlár ar an amhránaí sean-nóis, Nioclás Tóibín. Rugadh Nioclás i mBaile na nGall sa Rinn i gCo. Phort Láirge agus ba ann a chaith sé a shaol. Tá clú agus cáil ar Nioclás ar fud na tíre.

Má bhí glór binn ag aon amhránaí riamh bhí sé ag Nioclás Tóibín. Thug an clár teilifíse léargas maith dúinn ar an Tóibíneach mar amhránaí agus mar fhear. Cé gur thug sé amhráin ó cheantair eile leis i nGaeilge agus i mBéarla, is le traidisiún agus dúchas na Rinne a chaith sé dílseacht agus dúthracht a chuid tallainne.

**(i)** Luaigh **dhá** phointe eolais as Alt 1 a léiríonn go bhfuil meas ag an údar ar TG4.

**(ii)** Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Nioclás Tóibín ? ( Is leor **dhá** chúis.)

## D

**(10 marc)**


Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11).** Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra a leagan amach i do fhreagarleabhar mar seo:
"Bearna **(1)** = as", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

### Ag Fanacht sa Bhaile

Beidh Leabhar Cheanannais ag fanacht sa bhaile **(1)** seo amach. Níl na húdaráis i gColáiste na Tríonóide **(2)** é a thabhairt ar iasacht a thuilleadh. Diúltaíodh **(3)** ó dhánlann i dTóiceo le déanaí.

Is leabhar an-luachmhar é Leabhar Cheanannais ach ní **(4)** an luach amháin atá ina bhac ar é a bheith ag dul ar taispeáint timpeall an **(5).** Síltear anois go bhfuil an **(6)** féin ag déanamh dochair don ábhar datha atá sa leabhar.

Ba é an uair **(7)** a thaistil an leabhar ná sa bhliain 2000. Sa bhliain sin tugadh imleabhar amháin de ar iasacht **(8)** dhánlann san Astráil. **(9)** sin tugadh ar cuairt é timpeall chathracha na **(10)** idir 1982 agus 1985. Tá deireadh leis sin anois agus is macasamhail den leabhar a bheidh ar taispeáint as seo amach, ach amháin i gColáiste na Tríonóide, ar **(11)**.



**Liosta focal**: as [Bearna **(1)**]; hEorpa; sásta; hé; ndóigh; roimhe; domhain; dheireanach; do; d'iarratas; taisteal.



Thall →

## ROINN IV – LITIR A SCRÍOBH [30 marc]

Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo. (Ná gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)

### A

Cheannaigh do mhuintir teach nua agus bhog tú isteach ann le déanaí. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig cara leat ag insint di/dó ina thaobh.

I do litir luaigh

- an fáth ar cheannaigh do mhuintir an teach
- cur síos ar an teach féin
- an ceantar ina bhfuil an teach suite
- na comharsana nua atá agaibh
- socrú éigin chun go bhfeicfidh do chara do theach nua go luath

### B

Tá tú ar laethanta saoire thar sáile (i.e. i dtír eile). Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig cara leat ag insint di/dó ina thaobh.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais i dtaobh na háite ina bhfuil tú
- **dhá** phointe eolais i dtaobh na rudaí a rinne tú go dtí seo san áit ina bhfuil tú
- pointe **amháin** faoi rud éigin a dhéanfaidh tú fós sula dtéann tú abhaile

### C

Léigh tú alt i nuachtán Gaeilge faoin ábhar **Tá Láithreáin Stairiúla In Éirinn Á Scrios.**
Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin i dtaobh a raibh san alt sin.

I do litir luaigh

- **dhá** mhórphointe a bhí san alt ar an ábhar
- **dhá** thuairim eile uait féin ar an ábhar
- pointe **amháin** eile faoin alt